

Hurlamaboc

Sliocht as úrscéal le hÉilís Ní Dhuibhne



Téama: **Saol na clainne le linn an Tíogair Cheiltigh is téama don sliocht seo** as an úrscéal Hurlamaboc. Ciallaíonn Hurlamaboc ruaille buaille. Tá an scéal suite i mbruachbhaile (suburb) i mBaile Átha Cliath. Is aoir (satire) é an leabhar. Tá an t-údar ag spochadh as saol meánaicmeach dheisceart Bhaile Átha Cliath.

Na Carachtair:

- Lisín, Pól, Cuán agus Ruán **Allbright**
- An tUasal Mac Gabhann
- Eibhlín Ní Loingsigh - máthair Emma

Bhí Lisín saibhir agus 'foirfe' ach an raibh sí sásta i ndáiríre? Ní dóigh liom é!!!

Baineann an sliocht seo le saol na clainne agus an Tíogar Ceilteach in Éirinn. Bhí gach rud foirfe i dteach Lisín agus le clann Lisín - muintir Allbright. Bhí sí sona sásta le gach rud - a fear céile Pól, a mic, Ruán agus Cuán agus a teach. Bhí Cuán trí bliana déag d'aois agus bhí Ruán ocht mbliana déag. Bhí Lisín agus Pól pósta le fiche bliain agus bhí siad ag ullmhú cóisire chun an ócáid a cheiliúradh.

Ní raibh aon **easpa** airgid **ar** an gclann seo. Mar sin féin, ní raibh Pól saibhir nuair a bhuaíl sé le Lisín; is amhlaidh go raibh sé ag obair i siopa ag an am. Chonaic Lisín go raibh mianach (capability) ann. Fiche bliain níos déanaí, tá sé saibhir agus tá an teaghlach ina gcónaí i dteach deas néata in **Ascaill na Fuinnseoige i ndeisceart Bhaile Átha Cliath**.

Cúpla bliain ó shin, bhí an Tíogar Ceilteach le feiceáil i ngach áit in Éirinn. Ag an am sin, cheannaigh Pól stoc ar an idirlíon agus rinne sé a lán airgid. Ba

léachtóir le gnó é Pól agus bhí go leor tithe agus árasán aige ar fud na hEorpa agus bhailigh sé cíos uathu.

Is duine "**foirfe**" í Lisín. Bean tí den scoth a bhí inti. Bhí saol foirfe aici. **Bhuel...bhí má bhí!** Bhí gach rud réitithe ag Lisín don chóisir, agus bhí dhá reoiteoir sa teach lán le bia. Bhí reoiteoir amháin lán le **pióga agus ispíní agus bradán agus arán lámhdhéanta**. Bhí an dara reoiteoir **ar cíos** ag Lisín creid é nó ná creid. **Milseoga** den chuid is mó a bhí sa dara reoiteoir. Bhí péint nua ar na ballaí agus bhí bláthanna sna prócaí.



Bhí teach mhuintir Allbright i gcónaí néata agus **álainn**, agus, go deimhin, bhí Lisín í féin i gcónaí **néata** agus **álainn chomh maith**. Bhí sí **tanaí** agus bhí a cuid gruaige **fionn**. Bhí na mná uilig ar an mbóthar néata agus faiseanta, ach bhí Lisín níos néata agus **níos faiseanta ná bean ar bith eile**. Chaith na mná ar Ascaill na Fuinnseoige smideadh an t-am ar fad. Bóthar fionn a bhí in Ascaill na Fuinnseoige - ní raibh ach bean amháin le gruaig dhorcha ar an mbóthar; Eibhlín ach cheap daoine go raibh sí sin aisteach.

Ní raibh post ag Lisín toisc gur shaothraigh Pól dóthain airgid don teaghlach. D'fhreastail sí ar a lán ranganna teanga - Spáinnis, Rúisis, Sínis agus Seapáinis ina measc. Bhí sí ina ball de go leor eagraíochtaí agus clubanna. D'fhéadfadh sí labhairt ar ábhar ar bith faoin spéir.

Is **déagóir míshona** é Ruán. Creideann sé go mbeidh an chóisir "crap". Ach dúirt sé lena mháthair go mbeadh sé "cool" mar ba mhaith leis í a shásamh. Bhí grá aige dá mháthair ach chuir sí **lagmhisneach air** an t-am ar fad. Tháinig comharsa (neighbour) go dtí an doras, an tUasal Mac Gabhann, mar fuair sé cuireadh (invite) go dtí an chóisir. Níor thaitin an fear seo le Ruán. Bhí sé

cairdiúil agus gealgháireach, ach bhí súile géara aige (he had sharp eyes) cosúil le súile múinteora. Ní raibh Ruán ar a **chompord** ag caint leis.

Cheap gach duine go raibh gach rud foirfe i saol Lisín ach ní raibh i ndáiríre. B'fhéidir go raibh sí dathúil agus saibhir ach ní raibh a mac, Ruán, sásta ar chor ar bith. Ní raibh caidreamh maith eatarthu ach **bhí Lisín róghafa ina líontán ábharach féin** chun é sin a thabhairt faoi deara fiú. Chuir sé sin brón an domhain orm.

Scéal truamhéileach amach is amach is ea é seo. Ní thuigeann Lisín céard iad **na rudaí is tábhachtaí** sa saol - b'fhéidir gurb é sin an fáth gur thug an t-údar Hurlamaboc mar theideal ar an scéal. Ciallaíonn sé go bhfuil rudaí trína chéile - leis an teaghlach áirithe seo agus leis an tír fré chéile le linn an Tíogair Cheiltigh. Léiríonn sé sin nach é saibhreas bun agus barr an tsaoil. (money isn't the be all and end all)

Tá daoine gafa le híomhá áirithe a chruthú dá saol - le léiriú go bhfuil saol foirfe nó 'Allbright' acu. Ach a mhalairt atá fíor - tá mac Lisín míshona - d'fheicfeadh an dall é sin - ach ní fheiceann a mháthair fhéinspéiseach féin é. Drochscéal ar an drochshaol atá anseo gan aon agó.